# SCOIL DHÚN CHAOIN

Nuachtlitir an Earraigh
Nuachtlitir Uimhir 1: Feabhra 2023

### Comhairle na dTuismitheoirí

Tá Coiste nua tofa do Chomhairle na dTuismitheoirí. Tá gach tuismitheoir mar bhall den gComhairle. Táimid ana bhuíoch des na baill nua Fiona, Caroline, Laura, Lorcán, Christy, Matt, Dáithí, Rory, Maebh, Jayne agus Maidhc as ucht a gcuid ama, cabhair agus comhairle a roinnt linn. Tá an t-ádh linn sa scoil seo go bhfuil na tuismitheoirí ar fad sásta cabhrú linn nuair is gá. Táimid fé chomaoin agaibh as ucht na tacaíochta seo.

### Turas Scoile

Tá turas scoile an tSamhraidh in áirithe anois don 20ú Meitheamh don scoil ar fad. Beimid go léir ag dul i dteannta a chéile go dtí an *Just 4 Fun Kids Camps* a bheidh lonnaithe san MTU i dTrá Lí. Beidh rogha ollmhór d'imeachtaí agus gníomhachtaí éagsúla in oiriúint do gach aois ghrúpa. Beidh costas €35 ar an dturas seo, clúdaíonn sé sin an campa agus an taisteal. Ní bheimid ag bailiú an airgid go dtí deireadh Mí Bealtaine.

### Am Oscailte na Scoile ag Fanacht Mar Atá

Buíochas le gach éinne a chaith vóta scoile maidir le hamanta oscailte agus dúnadh na scoile don scoilbhliain seo chugainn. Déanadh na votaí a chomhaireamh le cabhair Fiona Uí Loineacháin, Cathaiorleach Coiste na dTuismitheoirí agus leanaí Rang Mhalachaí go léir i láthair chun sampla don ndaonlathas a fhaire! Do roghnaigh 70% (21 as 30 vóta) de theaghlaigh agus d'fhoireann na scoile go bhfanaimis leis na hamanta scoile mar atá.

### Clárú

Ní mór do leanaí nua a bheith cláraithe linn fé dheireadh Mhí Aibreáin. Is féidir foirm clárucháin a fháil ón scoil nó ar ar shuíomh idirlín na scoile.

## Dátaí don Dialann






Bronnadh na mbonn ar churraithe Scoil Bheirt Oide Ciarraí Thiar

## Scoil Cruthaitheach

Beimid ag baint a thuilleadh úsaide as ár ndeontas cruitheachta go luath. Beidh na leanaí móra ag dul ar chuairt chuig Potaireacht na Caolóige chun píosa potaireachta a chruthú. Buíochas le Muintir Uí Mhaolchatha as tacú linn. Beidh na leanaí i Rang Áine ag glacadh páirte i gceardlann d'imirt chéadfach leis an eagraíocht Éiníní. Táimid ag súil cúpla ceardlann ealaíne eile a chur ar fáil idir seo agus deireadh na bliana.





Ó Lá 'le Bríde amach….leanaí móra ag léiriú do leanaí beaga conas Cros Bríde a dhéanamh





## Seó na Nollag/Lá 'le Gobnait

Bhí oíche iontach againn in Ionad an Bhlascaoid do Seó na Nollag agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach éinne a chabhraigh le sóláistí agus duaiseanna a sholáthar. Bhí lá álainn eile againn agus sinn ag ceiliúradh Lá 'le Gobnait. Táimid an bhuíoch d'fhoireann an Ionaid a fhreastalaíonn orainn i gcónaí. Agus le Comharchumann Dhún Chaoin a chur bia blast os ár gcomhair li diaidh ár dtaispeántas.



Scéal na Nollag le Rang Áine



Carúl na Nollag le Rang Mhalachaí

## Ranganna Snámha

Beimid ag soláthar ranganna snámha arís i mbliana do Rang 1 go 6 in Óstán na Sceilige. Táimid fé chomaoin ag tuismitheoirí na Naíonáin a bheith sásta na leanaí a bhailiú luath. Is iad na dátaí atá i gceist don snámh ná Aoine 21ú, 28ú Aibreán agus 5ú, 12ú & 19ú Bealtaine. Cosnóidh na ranganna agus an bus le chéile €65 an leanbh. Is féidir é seo a íoc in aon íocaíocht amháin nó is féidir €13 a íoc gach seachtain le linn an tréimhse snámha. Pé rud is fusa.

### Forbairt na Scoile

Is oth liom a rá go bhfuil moill ar chúrsaí pleanála fé láthair. Do lorg an Comhairle Chontae eolas breise maidir leis an gcóras séarchais nua a bheidh á chur isteach, bhí ar ár n-innealltóirí pleananna breise a sholáthar. Coimeádfaimid ar an eolas sibh nuair a bhainfimid an chéad chéim eile amach. Bíonn rudaí maithe mall.



### Scéim Aitheantais Ghaeltachta

Bhí cuairt chigireachta againn roimis na Nollag chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na Scoile mar Scoil Ghaeltachta. Bhí ár gcigire ana shásta le caighdeán Gaelainne na scoile agus mhol sí an obair déanta ag pobal uile na scoile. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach teaghlach a chabhraíonn linn an Ghaelainn a choiméad 'lárnach, láidir agus labhartha' sa scoil agus sa pharóiste.



## Scoil Naisiúnta Naomh Gobnait

Scoil Dhún Chaoin
Dún Chaoin
Baile an Fhéirtéaraigh
Co Chiarraí
V92 NY00

R-phost:
scoildhunchaoin.ias@gmail.com

Uimhir theileafón:
066 9156411

Ní haon ualach an fhoghlaim